# Deimhniú maidir le Clárú Áitribh

**Na hAchtanna um Gheall-Chur 1931 go 2015**

## Iarratas

**Léigh na nótaí thall sula líonann tú isteach an fhoirm**
**Comhlánaigh i mBloclitreacha**
**NÁ cuir isteach aon íocaíocht leis an iarratas seo**

**Ainm an Iarratasóra:**

Cuir isteach ainm iarratasóir an Deimhnithe Cláraithe (Beidh na sonraí sin le feiceáil ar an Deimhniú).

**Uimhir Thagartha Cánach:**

Cuir isteach an Uimhir Thagartha Cánach faoin gcuirfear ar ais an Dleacht Gealltóireachta.

**Ceadúnas Geallghlacadóra Uimhir Thagartha:**

Cuir isteach Uimhir Thagartha an Cheadúnais Geallghlacadóra.

**Dáta:** / /

Cuir isteach an dáta a gcaithfidh éifeacht a bheith leis an gclárú.

**Seoladh Áitribh:**

Cuir isteach seoladh an áitribh atá le clárú.

**Ainm agus Seoladh Poist:**

Cuir isteach seoladh poist má tá comhfhreagras le cur sa phost chuig seoladh seachas Seoladh an Áitribh.

**Seoladh Ríomhphoist:**

Cuir isteach seoladh teagmhála ríomhphoist na Príomhoifige nó Áit Ghnó an iarratasóra.

**Ainm Trádála:**

Más infheidhme, sonraigh an t-ainm trádála atá sé i gceist ag an iarratasóir a úsáid.

**Áititheoir an Áitribh roimhe seo:**

Cuir isteach sonraí áititheoir an áitribh roimhe seo (más eol iad).

## Dearbhú:

**Dearbhaím gurb é an duine(daoine)/aonán atá ainmnithe thuas an t-aonán trádála reatha agus déanaim leis seo iarratas ar Chlárú an Áitribh a bhfuil cur síos air thuas.**

**Síniú:** ______________________ **Dáta:** ______________

**Post:** ______________________ **Uimh. Theil.:** ______________

Stiúrthóir, Rúnaí, srl.

## NÓTAÍ

**Doiciméid Riachtanacha**

1. Ceadúnas Geallghlacadóra
2. Deimhniú Oiriúnachta Áitribh

**Ceadúnas Geallghlacadóra**

Ní mór d'iarratasóirí a dteastaíonn uathu aon Áitreabh a Chlárú arb iad féin Dílseánach an áitribh sin Ceadúnas Geallghlacadóra a bheith ina seilbh acu. Ní gá an Ceadúnas a chur isteach in éineacht leis an iarratas.

**Deimhniú Oiriúnachta Áitribh**

Ní mór d'iarratasóirí a dteastaíonn uathu aon Áitreabh a Chlárú arb iad féin Dílseánach an áitribh sin iarratas a dhéanamh chuig Ceannfort an Gharda Síochána don cheantar ina bhfuil áitreabh den sórt sin lonnaithe le haghaidh Deimhniú Oiriúnachta Áitribh ina luaitear go bhfuil áitreabh den sórt sin oiriúnach i gcomhair Cláraithe ar Chlár na nOifigí Geallghlacadóireachta.
Ba cheart do Gheallghlacadóir Ceadúnaithe dár tugadh Deimhniú Oiriúnachta Áitribh maidir le haon áitreabh arb é Dílseánach an áitribh sin é, iarratas a dhéanamh 21 lá tar éis Deimhniú den sórt sin a eisiúint, chuig na Coimisinéirí Ioncaim chun Clárú an Áitribh atá luaite i nDeimhniú den sórt sin a Chlárú nó a Athnuachan.

**An próiseas iarratais:**

1. Ba cheart an Deimhniú Oiriúnachta Áitribh agus an fhoirm iarratais comhlánaithe a chur isteach ar ríomhphost chuig an **Oifig Náisiúnta Ceadúnais Mháil**. Cláraigh le haghaidh **M'Fhiosruithe** le do thoil ar **www.revenue.ie**

2. Nuair a dhéantar an t-iarratas a phróiseáil, gheobhaidh iarratasóirí Fógra Iarratais ón Oifig Náisiúnta Ceadúnais Mháil chun an próiseas iarratais ar líne a chomhlánú ag úsáid Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (**ROS**). Chun sonraí a fháil tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag **www.revenue.ie** nó cuir glaoch ar Líne Chabhrach ROS: 01 738 3699. Iarrfar ar iarratasóirí freisin tabhairt le fios cibé an bhfuil siad ag íoc amach in iomlán nó ag baint leasa as an socrú tráthchodanna. Má tá sé ag íoc i dtráthchodanna, gheobhaidh an t-iarratasóir fógra ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an dara tráthchuid a íoc thart ar 3 seachtaine sula mbeidh an íocaíocht sin dlite.
   Tá tuilleadh eolais ar fáil ag an nasc seo a leanas:
   **http://www.revenue.ie/ga/tax/excise/excise-licensing/bookmakers-licences.html**

**Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim**
**An Oifig Náisiúnta Ceadúnais Mháil**
**Oifigí an Rialtais**
**An Gleann**
**Port Láirge, X91 P04E**

**Déan teagmháil linn:**
**01 738 3640 (sa Stát)**
**+353 1 738 3640 (taobh amuigh den Stát)**
**exciselicences@revenue.ie**
**www.revenue.ie**

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs